S. 73T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAS SHÓISEARAIGH, 2003

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH - GNÁTHLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400
DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go 11.30

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa bhosca seo: [ ]

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA LEABHAR FREAGRAÍ SEO.

3. NÍ MÓR DUIT NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Olliomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nota: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH gCINN** DEN FHICHE CEIST SEO A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA n-IARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**.

**(Tá 8 marc ar gach ceist)**

**1.** Tá Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise ar cheann de na sainaicmí Críostaí in Éirinn.

Ainmnigh sainaicme Chríostaí eile in Éirinn________________________________________

**2.** Is soiscéal sionoptach é soiscéal Lúcáis. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Cé acu ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas ar téacs beannaithe acu é an Qu'ran

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ an tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**4.** Is samplaí de chineálacha urnaí iad míúin agus achainí.
Ainmnigh cineal eile urnaí____________________________________________________

**5.** Nuair a ghníomhaíonn daoine go hionraic bíonn siad á n-iompar féin go mímhacánta.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**6.** Sampla amháin de dhúthracht reiligiúnach is ea________________________________________

________________________________________________________________________

**7.** Is duine é faidh a fhoilsíonn toil Dé. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**8.** Cé acu ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil Diwali mar fhéile ann?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**9.** Rugadh Íosa i mbaile - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Bheithil ☐ Iarachó ☐ Nazarat ☐

**10.** Is creideamh in aon Dia amháin é - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí )

Aondiachas ☐ Ildiachas ☐

**11.** Sampla de chód morálta is ea na Deich nAitheanta.

Ainmnigh cód morálta eile________________________________________________

**12.** Míorúilt amháin a rinne Íosa ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Roinnt na Mara Rua ☐ Athbheoú iníon Iárais ☐ Filleadh an Mhic Dhrabhlásaigh ☐

**13.** Is sample de dheasghnáth é searmanas pósta.
Ainmnigh sample eile de dheasghnáth________________________________________

**14.** Orthu féin amháin a smaoiníonn daoine atá aibí ina moráltacht agus iad ag teacht ar chinneadh.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí )

Fíor ☐ Bréagach ☐

**15.** Cé acu reiligiún in Éirinn a luaitear an Dr. Yaakov Pearlman leis mar cheannaire? _______________

**16.** Is é a thugann Críostaithe ar thuirlingt an Spioraid Naoimh ar na deisceabail tar éis bháis d'Íosa ná -

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Deascabháil ☐ An Chincís ☐ An tAiséirí ☐

**17.** Is é atá i máirtíreacht ann ná________________________________________________

_____________________________________________________________________

**18.** Cé acu reiligiún domhanda a luaitear an Menorah leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**19.** Ceiliúradh is ea an Cháisc Ghiúdach ("An Pasóvar") ar_________________________________

_____________________________________________________________________

**20.** Cé acu reiligiún domhanda a luaitear na Ceithre Fhírinne Uaisle leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT THART AR 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA FÓTAGRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 20 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1. Seo fótagraf d'ainmnithe sorcais agus iad á mbeannú.**




*Photo: Kim Haughton*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint gur searmanas reiligiúnach é seo.

______________________________

(6 mharc)

**B.** Mínigh an chaoi ar sampla de mhaoirseacht é seo.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(8 marc)

**C.** Luaigh sampla **amháin** eile de mhaoirseacht.


______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Seo fótagraf de shiúr rialta agus í ag tabhairt sóláis do phríosúnach atá daortha chun báis.**



*Saint Mary's Press*

**A.** Luaigh rud amháin ón bhfótagraf a thugann le tuiscint go bhfuil an tsiúr ag tabhairt sóláis don phríosúnach.

______________________________

(6 mharc)

**B.** Luaigh cúis **amháin** a n-oibreodh pearsa reiligiúnach le príosúnaigh ar an gcaoi seo.

______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh éifeacht dhearfach **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an obair seo ar an bpríosúnach.

______________________________


______________________________

______________________________

______________________________

(8 marc)

**Ceist 3. Seo fótagraf de chailín óg agus í ag súgradh le balún.**



*Veritas - Leasaithe*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint gur eispéireas iontais agus gliondair ag an gcailín é seo.

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Breith linbh, áilleacht an dúlra, agus ceol, sin cuid de na heispéiris a d'fhéadfadh iontas agus gliondar a spreagadh sa duine. Cad a chiallaíonn an nath "iontas agus gliondar"?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Spreagann eispéiris iontais agus ghliondair daoine chun ceisteanna a chur faoi bhrí na beatha. Tabhair sampla amháin de cheist dá leithéid sin.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**Ceist 4. Seo fótagraf de ghrúpa daoine agus iad i mbun paidreoireachta.**



*Flame Tree Publishing 2002*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón bhfótagraf a thugann le tuiscint go bhfuil na daoine seo ag cur a gcreidimh reiligiúnaigh in iúl.

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Luaigh cúis **amháin** a gcuirfeadh duine a chreideamh in iúl ar an gcaoi seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Cuid den adhradh í an rannpháirtíocht. Luaigh an chaoi ar féidir an rannpháirtíocht a shonrú san fhótagraf seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Tar éis do mhac léinn ailt nuachtán a léamh ar Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise in Éirinn bheartaigh sí/sé cuairt a thabhairt ar an eaglais le linn shearmanas adhartha an Domhnaigh. Is é atá anseo leanas ná leathanach as tionscnamh a scríobh an mac léinn ina dhiaidh sin.*

LÉIGH AN LEATHANACH TIONSCNAIMH GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN É.


*An Chuairt a thug mé ar Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise.*




Eaglais Naomh Peadar agus Pól, Bóthar Chrosaire Arailt, Baile Átha Cliath.



Íocón



*An chéad rud a thug mé faoi deara ná go bhfuil mórán íocón istigh san eaglais. Bhí an chéad íocón a chonaic mé istigh i gceartlár na heaglaise. Dúradh liom go dtugann daoine coinneal chuig an íocón seo nuair a thagann siad isteach. Ansin umhlaíonn siad roimh an íocón agus pógann siad é. Baineann siad leis an íocón lena gclár éadain, agus ardaíonn roinnt tuismitheoirí a gcuid páistí chun go mbainfidh siadsin, freisin, leis an iocón. Tá íocóin eile ar leacacha na bhfuinneog. An chéad rud eile a thug mé faoi deara ná go bhfuil fíorbheagán suíochán ann. Dá bharr seo, is féidir le daoine siúl go héasca ó íocón amháin go chéile.*



*Déanann an sagart an "Liotúirge Dhiaga" a cheiliúradh taobh thiar de scáthlán adhmaid. Tá íocóin d'Iosa, de Mhuire agus de na hAingil ar an scáthlán seo. Tá geata i lár an scáthláin. Chun an geata chuig na Flaithis a mheabhrú do dhaoine é seo. Taobh thiar den scáthlán tá altóir bheag agus bord beag. Is féidir an sagart a fheiceáil ag an altóir má fhéachann tú tríd an ngeata.*

*Foinse: Irish Independent & The Irish Times*

**1.** Cad is íocón ann?

(10 marc)

**2.** Ón léamh atá déanta agat ar an leathanach tionscnaimh seo, roghnaigh **dhá** earra eile agus mínigh cén fáth a n-úsáidtear iad in ionad adhartha.

i.

ii.

(12 mharc)

**3.** Tabhair cuntas ar **dhá** dheasghnáth ón leathanach tionscnaimh seo a léiríonn go bhfuil tábhacht ag baint le híocóin i gcás chomhaltaí Eaglais Cheartchreidmheach na Rúise.

i.

ii.

(20 marc)

**4.** Samhlaigh gur iarradh ort pictiúr ealaíne a dhearadh ar aon dul le stil íocóin le haghaidh seomra urnaí/machnaimh. Ainmnigh **trí** rud a chuirfeá san áireamh i do dhearadh. Mínigh cén chaoi a gcuideodh gach ceann de na rudaí seo le daoine urnaí nó léirsmaoineamh a dhéanamh.

i.

ii.

iii.

(18 marc)

## ROINN 4


(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG CINN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH



*The Irish Times*

**A.** Seo fótagraf de roinnt ceannairí ar phobail chreidimh in Éirinn.

a. Luaigh na teidil atá ag **dhá** cheannaire ar bith atá luaite le pobail chreidimh in Éirinn.

i.______________________________ ii.______________________________

(12 mharc)

b. Samhlaigh gur ceannaire ar phobal creidimh in Éirinn tú. Déan cur síos gearr ar an ról atá agat.

(12 mharc)

**B.** a. Déan cur síos gearr ar **dhá** bhealach a bhféadfadh comhaltaí de phobail chreidimh in Éirinn iarracht a déanamh ar éacúiméineachas nó comhráite idirchreidmheacha a chothú.

i.

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(10 marc)

b. Luaigh cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach éacúiméineachas nó comhráite idirchreidmheacha a chothú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

## Ceist 2. ÍOSA I mBUN COIMHLINTE LEIS NA hÚDARÁIS

**A.** Bhí Íosa i mbun coimhlinte le comhaltaí de gach grúpa díobh seo a leanas. Cuir ✓ le ceann amháin agus mínigh cén fáth a raith Íosa i mbun coimhlinte leis an ngrúpa seo.

Na Fairisínigh ☐ Na Rómhánaigh ☐ Na Sadúcaigh ☐

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

**B.**

CÁINEANN NA PRÍOMHSHAGAIRT ÍOSA
- *Capital News*

"FEAR AIGHNIS É ÍOSA" A DEIR NA CEANNAIRÍ
- *Galilee Times*

CLAMPAR SA TEAMPALL AGUS NA BOIRD BUN OS CIONN AG ÍOSA
- *Jerusalem Herald*

D'fhéadfadh na ceannlínte seo a bheith sna nuachtáin nuair a bhí Íosa i mbun coimhlínte le lucht an údaráis. Samhlaigh gur iriseoir tú ag déanamh tuairisceoireachta ar imeachtaí i saol Íosa. Scríobh tuairisc nuachtáin a thugann cuntas ar **ceann amháin** d'eachtraí coimhlinte Íosa le lucht an údaráis.

a. Cén eachtra a bhí i gceist? ______________________________________________

(5 mharc)

b. Cad a dúirt Íosa nó cad a rinne sé?

(10 marc)

c. Cad a dúirt nó cad a rinne lucht an údaráis ansin?

(5 mharc)

d. Cén fáth a ndearna siad amhlaidh?

(8 marc)

## Ceist 3. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

Samhlaigh go bhfuil grúpa daoine óga á thabhairt ar cuairt agat ar ionad adhartha a thaithníonn comhaltaí de **cheann amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas
- An Giúdachas

**A.** Ainm an reiligiúin dhomhanda:________________________________________

a. Ainmnigh ionad adhartha a bhaineann leis an reiligiún domhanda atá roghnaithe agat:_____________

(6 mharc)

b. Déan cur síos gearr ar an ionad adhartha seo.

(20 marc)

**B.** Ba mhaith leis na daoine óga eolas a bheith acu ar dheasghnátha agus ar shearmanais bheannaithe an reiligiúin dhomhanda seo. Déan cur síos gearr ar **dhá** dheasghnáth nó searmanas beannaithe a bhíonn ar siúl san ionad adhartha seo.

i.

ii.

(14 mharc)

## Ceist 4. FORBAIRT CHREIDIMH

**A.** Léigh an méid seo a leanas:

" Is cuimhin liom mo mham ag tabhairt síob dom go dtí scoil an Domhnaigh agus an chuid eile den teaghlach ag dul ar aghaidh go dtí an 'Eaglais Mhór'. Is cuimhin liom na scéalta a insíodh dom faoi fhear cineálta a rinne míorúiltí. Is cuimhin liom freisin an mórtas a bhí orm agus pictiúr d'Íosa a bhí daite agam á thaispeáint agam nuair a tháinig mo mham ar ais chun mé a bhailiú.

(*Foilseacháin Ord an tSlánaitheora – Leasaithe)*

a. Luaigh dhá chaoi ina raibh tionchar ag mam an duine seo ar a c(h)reideamh agus ar a c(h)leachtais reiligiúnacha agus é/í ina p(h)áiste.

i.

ii.

(10 marc)

b. Seachas tionchar tuismitheoirí, ainmnigh **dha** thoisc eile a mbíonn tionchar acu ar chreideamh agus ar chleachtais reiligiúnacha deagóirí agus mínigh an chaoi a mbíonn tionchar ag na tosca seo ar an gcreideamh agus ar na cleachtais sin.

i.

ii.

(20 marc)

**B.** Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfadh tionchar a bheith ag creideamh reiligiúnach déagóra ar a s(h)lí mhaireachtála in Éirinn inniu.

i.

ii.

(10 marc)

## Ceist 5. SIOMBAILÍ REILIGIÚNACHA

**A.** Samhlaigh go bhfuil teaghlach do chara ag aistriú ón gcomharsanacht. Tá cóisir beartaithe ag do chara chun slán a fhágáil. Ba mhaith leat bronntanas a thabhairt do do chara a bheadh ina dhea-shiombail ar an gcaradas eadraibh.

Cén bronntanas a thabharfá do do chara? ______________________________

Mínigh **dhá** rud faoin gcaradas a bhfuil an bronntanas ina shiombail orthu.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(10 marc)

**B.** Tá pictiúir anseo thíos d'earraí a úsáidtear chun urnaí a dhéanamh agus i ndeasghnátha reiligiúnacha.



Scrollaí an Torah
*Transedition Ltd & Fernleigh Bks*



Dealbh de Bhúda
*Articles of Faith*



Cros
*Saint Mary's Press*



Mataí Urnaí
*Flame Tree Publishing*



Dealbh de Shiva
*Saint Mary's Press*

a. Roghnaigh **dhá** earra ar bith díobh seo agus mínigh cén fáth a bhfuil gach ceann díobh tábhachtach i reiligiún domhanda.


i. ______________ ______________________________

(15 mharc)


ii.

(15 mharc)

## Ceist 6. CEIST CHOINSIASA




*An Duine X*




*An Duine Y*

**A.** Léigh an dá shliocht thuas. Déan cur síos ar na smaointe a d'fhéadfadh dul trí aigne an duine X nó an duine Y chun teacht ar an gcinneadh seo.

(15 marc)

**B.** a. Luaigh sample **amháin** de chás ina bhfuil an tsíochání faoi bhagairt.

(5 mharc)

b. Agus an cás ata luaite agat mar shampla, mol **dhá** rud a d'fhéadfadh ceannaire reiligiúnach a rá/a dhéanamh chun síocháin a chur chun cinn sa chás seo.

i.

ii.

(20 marc)

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN